



Nóta Faisnéise SD 0002/2021

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Iar-Bhunscoileanna Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna.**

## **Bearta chun rochtain ar ionadaithe d'iar-bhunscoileanna a mhéadú do 2021/2022**

Tá an Roinn Oideachais tar éis a bheith i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara oideachais maidir leis na saincheistanna a ardaíodh faoin deacracht teacht ar ionadaithe do neamhláithreachtaí múinteoirí ag an am seo.

Aithnítear go bhfuil brúnna ar leith sa réimse seo i láthair na huaire mar gheall ar Covid-19 agus dá bhrí sin tá na socrúithe seo a leanas curtha i bhfeidhm chun cuidiú le fáil a bheith ar ionadaithe go dtí sos meántéarma Feabhra 2022, nuair a dhéanfar é a athbhreithniú.

### **Múinteoirí faoi oiliúint**

Ag eascairt ó theagmháil dhearfach leis na hInstitiúidí Ardoideachais a bhfuil cláir oideachais tosaigh múinteoirí iar-bhunscoile á sholáthar acu, d'aontaigh siad solúbthacht bhreise a sholáthar sna cláir le cur ar chumas mhic léinn ar chláir chomhleanúnacha (MGO) agus mic léinn Bhliain 3 agus Bhliain 4 ar chláir chomhthráthacha tacú le scoileanna suas go deireadh an téarma.

Tá siad sásta freisin roghanna solúbtha a iniúchadh maidir leis an riachtanas a bhaineann le measúnú ar chláir i gcomhthéacs mic léinn a bheith ar fáil chun tacú le scoileanna. Bheadh sé tábhachtach go mbeadh scoileanna san airdeall faoi thionchar na hoibre breise seo ar fholláine fhoriomlán na múinteoirí faoi oiliúint.

Leanfaidh Páirtithe Leasmhara an Oideachais, lena n-áirítear an Roinn, na Coláistí IAO agus an Chomhairle Mhúinteoireachta, ag obair i gcomhpháirt chun aghaidh a thabhairt ar aon cheistanna praiticiúla agus lena chinntiú go mbeidh fáil go leanúnach ar mhúinteoirí faoi oiliúint chun tacú le scoileanna roimh agus tar éis Nollaig 2021.

### **Múinteoirí ar scor**

I gcás múinteoirí ar scor a bheidh ag filleadh ar sheomraí ranga go dtí deireadh an téarma reatha seo, ní dhéanfar a bpinsean a laghdú. Tá an socrú seo i bhfeidhm don bhliain féilire 2021.



### **Múinteoirí atá ag Comhroinnt Poist:**

Mar atá leagtha amach i [Nóta Faisnéise TC 0016/2021](#), tá na srianta a chuirtear ar mhúinteoirí atá ag comhroinnt poist, maidir le hionadaíochta a dhéanamh, curtha ar fionraí go sealadach chun deis a thabhairt do na múinteoirí seo laethanta breise a oibriú má tá siad ar fáil chun folúntais a chlúdach ina scoileanna féin agus i scoileanna eile.

### **Briseadh Gairme:**

Tá an srian a chuirtear ar mhúinteoir obair ionadaíochta a dhéanamh agus é/í ar Shos Gairme maolaithe cheana féin don scoilbhliain reatha faoi [Nóta Faisnéise TC 0015/2021](#). Féadfaidh múinteoirí ar shos gairme obair ionadaíochta a dhéanamh gan srian.

### **Socruithe sealadacha ionadaíochta éigeandála**

Tá socrú sealadach nua curtha i bhfeidhm chun bealach eile a sholáthar do Phríomhoidí le teacht ar chlúdach ionadaíochta cuí le cáilíochtaí atá oiriúnach don ábhar más féidir, mura mbíonn aon soláthar eile ar fáil.

Cuideoidh an scéim seo le hIar-Bhunscoileanna a chinntiú gur féidir leo clúdach ionadaíochta leordhóthanach a fháil, i gcúinsí nach féidir le scoileanna teacht ar chlúdach trí na socruithe atá ann cheana.

Beidh múinteoirí iar-bhunscoile in ann obair os cionn 22 uair an chloig in aghaidh na seachtaine anois, ag obair uaireanta breise chun clúdach ionadaíochta a sholáthar, suas go móriomlán 35 uair an chloig bhreise idir 29 Samhain agus 28 Feabhra, 2022.

Tá sonraí maidir leis na socruithe don scéim seo ar fáil ag [Nóta Faisnéise TC 0026/2021](#)

### **Roinnt den Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) ag an iar-bhunleibhéal curtha siar áit a bhfuil gá le hionadaíocht**

Leanfar le FGL pleanáilte a bhaineann le hathchóirithe in ábhair in-scrúdaithe na Sraithe Sinsearaí. Ba chóir gach FGL eile ina bhfuil gá le clúdach ionadaíochta a chur siar go dtí tar éis bhriseadh meántearma Feabhra 2022.

Tá sé beartaithe go ndéanfar an FGL a chuirtear siar a athsceidealú sa tréimhse i ndiaidh bhriseadh meántearma Feabhra 2022.

Ní chuirfidh stop sealadach an FGL isteach ar chríochnú an phróisis Droichead do MNCanna a bhfuil a gconarthaí le críochnú roimh an bhriseadh meántearma i mí Feabhra 2022. Leanfar le hionadaíocht ceadaithe agus an leithdháileadh atá ar fáil do mhúinteoirí atá páirteach i bpróiseas éigeantach Droichead in iar-bhunscoileanna idir seo agus Feabhra 2022.



## **Múinteoirí Cáilithe ar iasacht chuig Seirbhísí Tacaíochta um Oideachas Múinteoirí na Roinne**

Tá iarrtha ar na seirbhísí tacaíochta um Oideachas Múinteoirí atá á maoiniú ag an Roinn múinteoirí atá ar iasacht a scaoileadh chun iad féin a chur ar fáil chun clúdach ionadaíochta a sholáthar i scoileanna. Déanfar socruithe do mhúinteoirí atá ar fáil ó na seirbhísí seo chun clárú ar thairseach [Subseeker.ie](http://Subseeker.ie)

## **Treoraithe (múinteoirí a bhí ag comhoibriú roimhe seo) a óstálann múinteoirí faoi oiliúint ar shocrúchán scoile**

Aithnítear go mbíonn ról rí-thábhachtach ag *Treoraithe* maidir le tacú le forbairt mhúinteoirí faoi oiliúint.

I gcúinsí eisceachtúla nuair nach mbíonn aon ionadaí ar fáil, agus nuair a bhíonn an socrú ionadaíochta éigeandála sealadach úsáidte, b'fhéidir go bhféadfadh Treoraí múinteoir faoi oiliúint cláraithe ionadaíocht a sholáthar do neamhláithreachtaí an-ghearr ina scoil féin murar féidir teacht ar ionadaí eile ar ghearrfhógra. Ba cheart nach mbeadh i gceist ach a laghad ama agus is féidir go dtí gur féidir ionadaí a earcú. Níor cheart go gcuirfeadh sé seo isteach ar aon socruithe riachtanacha bainteach le socrúcháin scoile.

## **Feachtas cumarsáide leis na múinteoirí cláraithe go léir:**

Faoi láthair tá os cionn 111,000 múinteoir cláraithe ar chlár múinteoirí na Comhairle Múinteoireachta. Reáchtáil an Chomhairle roinnt feachtas le múinteoirí, atá cláraithe faoi láthair ach nach bhfuil ag múineadh, chun feasacht a ardú faoi na dúshláin atá i scoileanna ag an am seo maidir le hionadaithe a earcú. Iarradh ar aon mhúinteoirí atá ar fáil chun obair ionadaíochta a dhéanamh clárú ar [SubSeeker](http://SubSeeker) ionas go mbíonn scoileanna ar an eolas go bhfuil siad ar fáil nuair a bhíonn siad ag iarraidh folúntais ionadaíochta a líonadh.

Deirdre Shanley  
Rúnaí Cúnta  
29 Samhain 2021